Nuachtlitir

# Meán Fómhair 2014

**Athoscailt na scoile/ Reopening of the school**

Ón Aoine 28 Lúnasa - An Mháirt 2 Meán Fómhair beidh na Naíonáin Bheaga ar scoil ó 9.30 - 11.30

Ar an Chéadaoin 3 Meán Fómhair beidh na Naíonáin Bheaga ar scoil ó 9.30 - 12.00

Ón Deardaoin 4 Meán Fómhair - an Aoine 12 Meán Fómhair beidh na Naíonáin Bheaga ar scoil ó 8.50 - 12.00

Ón Luan 15 Meán Fómhair ar aghaidh beidh na Naíonáin Bheaga ar scoil ó 8.50 - 1.30.

Ón Aoine 28 Lúnasa - An Aoine 12 Meán Fómhair beidh Rang 1 ar scoil ó 8.50 - 1.30.

*From Friday 28 August - Tuesday 2 September Junior Infants will begin at 9.30 and finish at 11.30*

*On Wednesday 3 September Junior Infants will begin at 9.30 and finish at 12.00.*

*From Thursday 4 September - Friday 12 September Junior Infants will begin at 8.50 and finish at 12.00*

*From Monday 15 September Junior Infants will begin at 8.50 and finish at 1.30*

*From Friday 28 August - Friday 12 September Rang 1 will begin at 8.50 and*

## Fáilte

Cuirimid fáilte mhór romhaibh ar ais chuig Gaelscoil Uí Earcáin, a pháistí, a thuismitheoirí agus a fhoirinn uilig. Tá súil againn go raibh laethanta saoire deasa ag gach éinne agus gur bhain sibh taitneamh as an aimsir iontach i mbliana. Go mbeidh bliain scoile shona, thairbheach, thaitneamhach againn go léir. Fágaimid slán i mbliana le Múinteoirí Barbara agus Niamh agus ar feadh seal le Múinteoir Jenna. Gabhaimid buíochas ó chroí leo as a ndúthracht, a ngair-miúlacht, an méid a thug siad don scoil le linn a gcuid ama anseo agus an cion a léirigh siad do na páistí. Cuirimid fáilte roimh mhúinteoirí nua Vanessa, Deirdre, agus Alan. Comhgháirdeachas le Muinteoir Pádraig atá ceaptha mar Phríomhoide Tánaisteach.

*We welcome all pupils, parents and staff back to Gaelscoil Uí Earcáin. We hope that everyone had an enjoyable holiday especially enjoying the wonderful weather this summer. We wish everyone a happy and fulfilling year. We say goodbye this year to Barbara Nic Giolla Phádraig agus Niamh Ní Chonaill who will be moving to new teaching posts in the areas where they are settling and to Múinteoir Jenna who is taking a break in a warmer climate. We thank them most sincerely for their diligence, their professionalism, their commitment to the school and the affection which they showed the children. We welcome new staff members Vanessa, Deirdre and Alan.. Congratulations to Múinteoir Pádraig who is now our Deputy Principal.*

**Seo a leanas múinteoirí na ranganna don scoilbhliain 2014/2015:**

*The allocation of classes for the school-year 2014/2015 and dates for meetings which will take place in the classroom are listed below. Meetings are with the class teachers and will be about 20 minutes duration.*

| Rang/ Class | Anuraidh/ Last year's teacher | Seomra/ Room | Múinteoir | Cruinniú/ Meeting Meán Fómhair/ September |
|---|---|---|---|---|
| Naí Bheaga | | 1 | Cáit Ní Chuireáin | Dé Céadaoin/ Wed 3/9/2014 @11.30am |
| Naí Bheaga | | 3 | Alan Ó Léime | Déardaoin/ Thurs 4/9/2014 @ 11.30am |
| Naí Bheaga | | 5 | Ciara Nic Oscair | Dé hAoine/ Fri 5/9/2014 @ 11.30 am |
| Naí Mhóra | Rang Alison | 2 | Alison Nic Ruairí | Dé Céadaoin/ Wed 3/9/2014 @1.00pm |
| Naí Mhóra | Rang Cháit | 4 | Mairéad Bríd Ní Churraoin | Déardaoin/ Thurs 4/9/2014 @ 1.00pm |
| Rang 1 | Rang Jenna | 6 | Eithne Ní Dhubhghaill | Dé hAoine/ Fri 5/9/2014 @ 1.00pm |
| Rang 1 | Rang Thighearnáin | 7 | Eoin Ó Riabhaigh | Dé Luain/ Mon 8/9/2014 @ 1.00pm |
| Rang 2 | Rang Eoin B | 9 | Tighearnán Ó Frighil | Dé Luain /Mon 8/9/2014 @ 2pm |
| Rang 2 | Rang Mhairéad Bríd | 10 | Deirdre Nic Eoin | Dé hAoine/ Fri 5/9/2014 @ 2pm |
| Rang 3 | Rang Eoin & Niamh | 11 | Richard Ó Coistealbha | Déardaoin/ Thurs 4/9/2014 @ 2pm |
| Rang 4 | Rang Chiara | 13 | Rebecca Ní Riain | Dé Céadaoin/ Wed 3/9/2014 @ 2pm |
| Rang 5 | Rang Eithne | 12 | Vanessa Ní Phreastúin | Dé Máirt/ Tues 2/9/2014 @ 2pm |
| Rang 6 | Rang Richard | 14 | Eoin Bairéad | Dé Máirt/ Tues 9/9/2014 @ 2pm |

**Laethanta Saoire na Bliana/ Holidays**

Tá laethanta saoire na bliana seo socraithe agus eolas iomlán le fáil ar shuíomh na scoile www.gsue.ie.

Sa chás go ndúnfar an scoil go heisceachtúil le linn droch aimsire bheadh iachall ar an scoil na laethanta sin a dhéanamh suas le linn na Cásca.

*The school holidays have been fixed and all information is on www.gsue.ie. In the event that the school is forced to close due to severe weather conditions the school may have to make up the days at the beginning of the Easter break.*

**Lónta/ Lunches**

De bharr ciorraithe leanúnacha ar chúrsaí lónta agus maoiniú bunaithe ar líon na bpáistí i 2010 (143 dalta), tá srian ar an deontas atá á bhfáil ag an scoil i mbliana. Beidh ceapaire, bainne agus píosa tortha amháin ar fáil do gach pháiste gach lá i mbliana. Moltar do Naíonáin Bheaga a lón féin a bheith leo don chéad choicís. Tabharfar rogha ar an gceapaire agus seolfar foirm Glanmore abhaile go luath. Is féidir leis na páistí bia breise a thabhairt isteach ach is gá cloí leis an bpolasaí lón slántiúil.

*As a result of continuing cuts on the school lunches and funding being based on the school's enrolment of 2010 when we had 143 pupils instead of recognising the growth of Gaelscoil Uí Earcáin to 270 pupils this year's grant will be less per pupil than previous years. Lunch will be provided for every child, every day and will consist of a sandwich, carton of milk and a piece of fruit. Junior Infants are advised to bring their own lunches for the first two weeks. Glanmore's form with the choice of sandwiches will be sent home shortly. Children may bring in extra food, but must comply with the school's healthy eating policy*

**Lipéidí ar gach rud**

Le bhur dtoil, an féidir libh lipéid a chur ar *gach rud* a bhaineann le do pháiste a thagann ar scoil. 'Sé sin, éadaí scoile, cóta scoile, mála scoile...

*Can parents please label EVERYTHING that belongs to your child? That is, school uniforms, school coat, school bags etc. Gaelscoil Uí Earcáin cannot be held responsible for every childs belongings.*

**Clogaid ar an Rothair/ Cycling Helmets**

Ba chóir go mbeidh clogad á chaitheamh i gcónaí ag gach páiste a thagann ar scoil ar rothar. Tá ar gach páiste tuirlingt den rothar ag an ngeata agus é a shiúl timpeall go dtí an bothán a bheidh ar oscailt ó 8.40 go 9.00 gach maidin.

*All children cycling to school must wear a helmet. Children must dismount from their bicycles at the school gate and walk their bicycle around to the shed that will be open each morning from 8.40 to 9.00am.*

**Gaeilge timpeall na Scoile**

Tá sé tábhachtach go ndéanann gach duine a gcuid leis an nGaeilge a chothú mar theanga bheo phobail na scoile, agus ní amháin teanga a labhraítear ó 8.40 go 2.30.

Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil a lán Béarla á labhairt timpeall na scoile le déanaí, agus tuismitheoirí ag fágáil páistí agus á mbailiú. Iarraimid oraibh iarracht mhór a dhéanamh gan aon Bhéarla a labhairt timpeall na scoile, leis an bhfoireann, páistí nó tuismitheoirí eile. Le do thoil, spreag na páistí le Gaeilge a labhairt le chéile i gcónaí.

*In a Gaelscoil, it is vital that every member of the school community does their part to make Gaeilge a vibrant and living language, and not just something that is imposed from 8.40 to 2.30pm.*

*We have noticed that there is a lot of English being spoken around the school, when parents are dropping children and collecting them. Please make an effort not to speak any English at school to the staff, children other parents. Please encourage children to speak Irish to each other.*

"Beatha teanga í a labhairt"

**Cúrsaí Airgid**

Déanann Gaelscoil Uí Earcáin gach iarracht na costais a choinneáil chomh híseal agus gur féidir ach táimid lonnaithe i bhfoirgneamh mór le billí arda chun é a rith. Tá go leor de na deontais tar éis bheith gearrtha. Tá sé rí-thábhachtach go n-íocfann gach clann aon airgead atá le dul go dtí an scoil. Má tá deacrachtaí le billí le bhur dtoil tar isteach go dtí an scoil chun é a phlé.

*Gaelscoil Uí Earcáin aims to keep costs as low as possible, but we are in a large building with huge running costs. Many of the school's grants have been cut. It is important for each family to pay monies owed and not allow bills to go unpaid. For those who have difficulty paying please come in and discuss with the school.*

**Cruinnithe Foirne/ Staff Meetings**

Beidh cruinnithe foirne ar siúl taobh amuigh d'amanna scoile mar chuid de chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

*All staff meetings will take place outside of school hours as part of the Croke Park Agreement.*

**Meabhrú re Cnónna sa Scoil.**

Ní cheadaítear aon chónna a thógáil ar scoil ag am ar bith nó aon táirgí le cnónna iontu a thógáil ar scoil. Tá col an-dáinséireach ag roinnt páistí sa scoil le cnónna.

*A reminder that children are not permitted to bring nuts or any nut products to school as a number of children have a life-threatening allergy to these products.*

**Snámh/Swimming**

Beidh Snámh an téarma seo do Rang 2 agus Rang 4 ag tosú ar an 19-09-2014. Cosnóidh sé €30 an páiste.

*Swimming this term will be for Rang 2 and 4 beginning on 19.09.14. The cost will be € 30 per child.*

**Bileog Eolais/ Information sheet**

Beidh bileog eolais le líonadh i gcomhair chuile pháiste sa scoil. Iarrtar ort an t-eolas seo a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais ag an múinteoir ranga chomh luath agus is féidir. Iarrtar ort a chinntiú freisin go bhfuil an uimhir theagmhála atá againn do text-a-parent ag feidhmiú agus má tá aon athrú tagtha ar an uimhir nó an seoladh a tugadh dúinn ar dtús é sin a chur in iúl don Oifig.

*A bileog eolais must be completed for every child in the school. We ask that this document be returned to the class teacher as soon as possible. We ask that all families provide a functioning mobile number for the text-a-parent facility. If your number or address have changed from the original one supplied to the school please inform the school office.*

**Cnoc Coipéar/ Copper Mountain:**

Tá Cnoc Coipéar againn sa scoil. Bímid go léir ag iarraidh réidh a fháil leis an sóinseáil a líonann ár bpócaí agus nach mbímid in ann a chaitheamh riamh. Anois, tá seans agat-tabhair an tsóinseáil don scoil! Tá an scoil ag bailiú aon sóinseáil nach bhfuil uait. Seol an t-airgead isteach le do pháiste. Míle buíochas!

*We have a Copper Mountain in the school. We would all like to get rid of that loose change that always weighs down your pockets. Well here's your chance-give your coppers to the school! The school will collect any change that you want to dispose of. Simply send it in to the school with your child. Thanks!*

**Pairceáil taobh amuigh den gheata*/Parking outside the gate***

Bainfear leas as an spás ar thaobh na láimhe clé taobh amuigh den gheata, 'sé sin an stráice clúdaithe le tarmac, mar spás do dhaltaí atá ag fanacht ar oscailt na ngeataí scoile. **Tá cosc iomlán ar pháirceáil ar an stráice seo.** Iarrtar ar na tuismitheoirí i gcarranna a bheith ag faire amach do na coisithe lasmuigh de gheataí na scoile. Is don fhoireann amháin atá spás páirceála taobh istigh de na geataí.

*The area to the left of the school gate as you approach the school, i.e. the strip of tarmac, is reserved as a congregation for pupils who are awaiting the opening of the gates.* ***Parking is not permitted in this area.*** *We would also ask for parents not to park directly in front of the gate as it blocks the entrance in the event of an emergency. Parents in cars are also asked to be more aware of pedestrians outside the school gates. Parking inside the school gates is for staff only.*

**Cabhair Sa Scoil / Lend a hand at Gaelscoil Uí Earcáin**

Tá muid i gcónaí ag lorg cabhar sa scoil m.sh. sa ghairdín, sa leabharlann srl. Má tá an am agat is féidir do shonraí a thabhairt don oifig!

*We are always looking for helpful parents at this time of year to help out in the garden, in the library, etc. If you think you might have some time to spare make sure to let the office know!*

**Ar scáth a chéile, a mhairimid!**

**Stampaí Cyril/Saving stamps**

Tá scéim coigiltis stampaí Cyril ar siúl in ngach rang. Má tá suim agat do pháiste a bheith páirteach ann baileofar €1 gach Aoine.

*If you wish your child to save with Stampaí Cyril saving scheme €1 will be collected in class every Friday.*

**Timpistí/Accidents:**

I nGaelscoil Uí Earcáin, déanaimid ár ndícheall aire a thathairt do pháistí agus timpistí a sheachaint. Tuigimid go léir go dtarlaíonn timpistí agus nuair a tharlaíonn siad, tá córas i bhfeidhm chun déileáil leo. Agus an scoil ag dul i méid, seolfar téacs amach maidir le páistí a fhaigheann buille sa chloigeann leis an teachtaireacht seo. Tá rogha agat glaoch a chur ar an scoil ansin. Sa chás go mbíonn an scoil buartha faoi do pháiste déanfar gach iarracht dul i dteagmhail leatar an bhfón.

*In Gaelscoil Uí Earcáin, we strive to look after the children in our care and do our best to avoid accidents.Unfortunately, accidents do occur and the school has a system in place to deal with them. In relation to a child who receives a bang to the head, a text will be sent with this information. You may of course contact the school in this instance. If we are concerned about your child, every effort will be made to contact the parent/guardian by phone.*

**An Lá Scoile - The School Day**

Maireann an lá scoile ó 8.50 – 1.30 do Ranganna na Naíonáin agus ó 8.50 – 2.30 do na Ranganna eile. Cinntigh go bhfuil do pháiste in am don scoil ar maidin. I gcás práinne amháin a ligfear páiste saor níos luaithe ná na hamanta luaite. Beidh do pháiste as láthair ar an Rolla má thagann sé/í isteach tar éis 10.00r.n. agus gan fios ag an mhúinteoir go raibh coinne aige/aici. Má thagann do pháiste ar scoil déanach tá ar an tuismitheoir bileog chuí a shíniú ag míniú an fáth. Tá sé seo tábhachtach, ar fhaitíos go mbíonn an rolla glaoite sula dtagann an páiste ar scoil. Má bhíonn druil tine, ní bheidh ainm do pháiste ar an rolla. Mar an gcéanna sa chás gur gá d'aon pháiste dul abhaile luath, caithfidh an tuismitheoir an bhileog a shíniú ag míniú an fáth. Caithfear an scoil a chur ar an eolas má tá an páiste le bailiú ag aon duine nach bhfuil ainmnithe cheana féin. Ná bailigh aon pháiste idir 12.30 -1.00.

*The school day is from 8.50 – 1.30 for Infant classes and from 8.50 – 2.30 for all other classes. Please ensure that your child/children are in time for school and collected early only in emergency circumstances. Your child will be marked absent if they arrive after 10.00a.m. and the teacher is unaware s/he had an appointment etc. If your child is late , please leave him/her at the reception area to go to their class alone while you sign the "late arrivals" form. This is important in the event of a fire drill as your child's name may not be marked present on the school roll book. The same applies for children who leave school early. The form must be signed by the parent. The school must be notified in writing if your child is being collected by anyone other than the nominated person. This procedure was introduced in the best interest of your child's safety. Your co-operation would be appreciated.*

*Please do not collect children between 12.30 and 1.00.*

**Árachas Tionóisce Pearsanta do Dhaltaí/ Insurance**

Cosnaíonn sé €5.10 an páiste chun clúdach árachais 24 uair an chloig don bhliain a fháil. Cuirfear foirm abhaile leis na páistí go luath.

*If you wish to have personal accident insurance for your child a premium of €5.10 per child is payable for 24 hour cover for one year. The form will be sent home with your child soon.*

**Airgead le n-íoc/ Monies owed:**

An féidir libh na táillí nach bhfuil réitithe a íoc chomh luath agus is féidir, le bhur dtoil? 'Sé €60 an páiste táille na bliana seo atá le h-íoc chomh luath agus is féidir freisin. Clúdaíonn sé seo Ealaíon €20, Cóipeáil €20, Cíos leabhair €10, Cóipleabhair €5, Fón/Téasc srl. €5.

*Can all outstanding bills be paid as soon as possible, please? This year's fee is €60 per child to be paid as soon as possible also. This covers Art €20, Photocopying €20, Book Rental €10, Copies€5, and Phone/Texts etc. €5.*